NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10897 – PREDICA / VAUBAN / TELEFONICA / BLUEVIA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 438/08)

1. An 3 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Predica nó Prévoyance Dialogue du Crédit Agricole S.A. ("Predica", an Fhrainc)

— Vauban Infrastructure Partners S.C.A. ("Vauban", an Fhrainc)

— Telefonica S.A. ("Telefonica", an Spáinn)

— Bluevia Fibra, S.L. ("Bluevia", an Spáinn)

Tá Predica, Vauban agus Telefonica ag fáil comhrialú ar Bluevia de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta árachais saoil agus sláinte é Predica, agus is fochuideachta ar lánúinéireacht é de chuid Crédit Agricole Assurances S.A;

— Is cuideachta bainistíochta sócmhainní é Vauban a dhíríonn ar infheistíochtaí cothromais bonneagair a bhaineann le dearadh, tógáil, cothabháil, maoiniú agus oibríocht sócmhainní bonneagair bhunriachtanaigh sna hearnálacha iompair, sóisialta, digiteacha agus fóntas;

— Tá Telefonica gníomhach in earnálacha na teileachumarsáide, na meán agus na siamsaíochta, agus díríonn sé ar sheirbhísí a bhaineann le teileafónaíocht shreanglíne agus gan sreang, an leathanbhanda, an t-idirlíon, an trácht sonraí, an teilifís táille agus seirbhísí digiteacha eile;

— Déanfaidh Bluevia líonra snáithín optúil chomh fada leis an mbaile (FTTH) a oibriú agus a shaothrú i limistéir tuaithe agus i limistéir eile is lú daonra sa Spáinn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10897 – PREDICA / VAUBAN / TELEFONICA / BLUEVIA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË